



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Márta 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0254(COD)

6748/1/20
REV 1 ADD 1

POLMIL 24
COMPET 113
RECH 96
CFSP/PESC 229
CSDP/PSDC 141
COPS 80
EUMC 41
ECOFIN 180
IND 31
MI 70
EMPL 120
EDUC 95
CADREFIN 31
CODEC 175
PARLNAT 151

RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

Ábhar: Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE a ghlacadh lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092

- Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle
- Arna ghlacadh ag an gComhairle an 16 Márta 2021

I. RÉAMHRÁ

1. An 13 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta¹ (an Ciste).
2. Ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta páirteach² maidir leis an togra, tar éis di na forálacha go léir lena ngabhann impleachtaí buiséadacha a fhágáil idir lúibíní ós rud é gur ghá an chaibidlíocht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a thabhairt chun críche ionas go mbeadh an Chomhairle in ann a seasamh a bhunú. Cuireadh lúibíní thart ar na forálacha a bhaineann leis na tríú tíortha sin a mheastar a bheith ina dtíortha comhlachaithe faoin gCiste (Airteagal 5) agus fágadh lasmuigh de raon feidhme shainordú caibidlíochta na Comhairle iad.
3. Vótáil Parlaimint na hEorpa ar a tuarascáil ar leibhéal an Choiste an 21 Samhain 2018³. An 12 Nollaig 2018, ghlac an suí iomlánach an tuarascáil, rud ab ionann agus sainordú le dul i mbun caibidlíochta leis an gComhairle.
4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim⁴ an 12 Nollaig 2018.
5. Ag eascairt as na cruinnithe tríthaobhacha a bhí ar siúl an 16 Eanáir agus an 5 Feabhra 2019, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhthuiscint chuimsitheach maidir leis an togra an 19 Feabhra 2019, amach ó na forálacha idir lúibíní a luaitear i bpointe 2.
6. An 27 Feabhra 2019, thug Coiste na mBuanionadaithe dá aire an tuarascáil ar dhul chun cinn ina léirítear an chomhthuiscint⁵, á aithint dó ar an gcaoi sin go gcuirfí tús arís leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a luaithe a bheadh sainordú ag an gComhairle maidir le gnéithe uile an togra.
7. Ar bhonn na comhthuisceana, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 18 Aibreán 2019⁶.

¹ 10084/18 + ADD 1.

² 14094/1/18 REV 1.

³ P8_TA(2018)0516, an coiste freagrach: an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), rapóirtéir – Zdzisław Krasnodębski; David McAllister (AFET) mar chomhraphóirtéir.

⁴ CCM/162-EESC-2018.

⁵ 6733/1/19 REV 1.

⁶ EP-PE_TC1-COD(2018)0254.

8. I gconclúidí an 21 Iúil 2020 uaithi⁷, chuir an Chomhairle Eorpach treoir chothrománach ar fáil maidir leis na hábhair uile lena ngabhann impleachtaí buiséadacha. Ó tharla gurb amhlaidh atá, thug Coiste na mBuanionadaithe sainordú⁸ don Uachtaránacht an 30 Meán Fómhair 2020 le dul i mbun caibidlíochta an athuir le Parlaimint na hEorpa d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs ina iomláine.
9. Ag eascairt as cruinniú tríthaobhach a bhí ann an 30 Samhain 2020, a d'éascaigh an Coimisiún Eorpach, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil sealadach an 14 Nollaig 2020 maidir le téacs comhréitigh críochnaitheach. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sin an 18 Nollaig 2020⁹ agus d'fhormhuinigh Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) Parlaimint na hEorpa an comhaontú sin an 14 Eanáir 2021.
10. An 21 Eanáir, chuir Cathaoirleach an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á thabhairt le fios – i gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle a seasamh mar a comhaontaíodh le linn na gcrúinnithe tríthaobhacha a tharchur go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa – go molfadh sé don suí iomlánach, faoi réir a fhíoraithe ag na dlítheangeolaithe, go nglacfaí le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú ag an dara léamh i bParlaimint na hEorpa.

II. CUSPÓIR

11. Is é cuspóir ginearálta an Chiste an t-iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta a ghabhann le bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a chothú trí thacú le gníomhaíochtaí comhoibríocha agus comhar trasteorann idir eintitis dhlíthiúla ar fud an Aontais, agus trí ghastacht na slabhraí soláthair agus slabhraí luacha na cosanta a neartú agus a fheabhsú, an comhar trasteorann idir eintitis dhlíthiúla a leathnú, agus saothrú níos fearr a chothú maidir le hacmhainneacht thionsclaíoch na nuálaíochta, an taighde agus na forbartha teicneolaíche.

⁷ 00010/20.

⁸ 11394/20.

⁹ 14285/20.

III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

Barúlacha ginearálta

12. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta féachaint le comhaontú ar an dara léamh a thabhairt chun críche go luath, bunaithe ar sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh a d'fhéadfadh Parlaimint na hEorpa a fhorghnó mar sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar ar tháinig na comhreachtóirí.
13. *Eintitis incháilithe*: Aontaíonn an Chomhairle le seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le heintitis incháilithe, ar forálacha iad atá bunaithe ar an togra tosaigh ón gCoimisiún Eorpach.
14. *Bearta incháilithe*: Tacaíonn an Chomhairle le seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh a bhaineann le gníomhaíochtaí incháilithe agus comhaontaíonn sí go leithdháilfear 4 %, ar a laghad, agus suas le 8 % den imchlúdach airgeadais, ar ghlaonna ar thograí nó ar dhámhachtainí cistiúcháin a thacaíonn le teicneolaíochtaí bunathraitheacha chun críoch cosanta; is ionann sin agus méadú ar an uasteorainn 5 % a mhol an Coimisiún Eorpach i dtús aimsire.
15. *Eitic*: Tacaíonn an Chomhairle le seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh sa mhéid is nach bhfuil gníomhaíochtaí lena bhforbraítear táirgí agus teicneolaíochtaí, a dtoirmisctear iad a úsáid faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme, incháilithe do thacaíocht a fháil ón gCiste. Ina theannta sin, aontaíonn an Chomhairle le seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh a mhéid a bhaineann le neamh-incháilitheacht gníomhaíochtaí darb aidhm airm uathrialacha mharfacha a fhorbairt, rud a sháraíonn raon an togra tosaigh ón gCoimisiún Eorpach.
16. *Rialachas*: Tacaíonn an Chomhairle le seasamh na Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh gur cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún Eorpach a bhaineann le cláir oibre a ghlacadh agus cistiú a dhámhachtain ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha áirithe. Úsáidfear an nós imeachta scrúdúcháin chun na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh, ar gníomhartha iad a fhágann nach bhféadfar an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcás nach bhfaighfear aon tuairim ó Choiste an Chláir. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Ciste chun feidhme, ach trí bhíthin maolú, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1)(c) den Rialachán Airgeadais gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach; ní chumhdófar leis an maolú sin, áfach, an nós imeachta roghnúcháin agus dámhachtana.

17. *Comhsheasmhacht*: Tacaíonn an Chomhairle le seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh go ndéanfaí foráil, i gcomhréir leis an togra tosaigh ón gCoimisiún Eorpach, do ráta méadaithe cistiúcháin de dheich bpointe céatadáin breise i gcás gníomhaíochtaí a fhorbrófar i gcomhthéacs an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO).

Barúlacha sonracha

18. Ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach an 14 Nollaig 2020, d'éirigh leis na comhreachtóirí teacht ar chomhréiteach maidir leis na saincheisteanna seo a leanas.
19. *Fad*: Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le ré an Chiste. Bunaítear le hAirteagal 1 an Ciste don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027, i gcomhréir le fad an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.
20. *Chúdach airgeadais*: I gcomhréir leis an gclár réime Fís Eorpach, tháinig na comhreachtóirí freisin ar chomhaontú maidir le himchlúdach airgeadais foriomlán EUR 7 953 000 000 don Chiste i bpraghsanna reatha. Tá dáileadh an imchlúdaigh airgeadais fhoriomláin sin ar ghníomhaíochtaí 'taighde' agus 'forbairt' fós i gcomhréir leis an gceann atá sa togra tosaigh ón gCoimisiún Eorpach.

Níl 'clásal glactha' sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a chuirfeadh ar chumas na mBallstát a iarraidh go ndéanfaí na hacmhainní a leithdháiltear orthu faoi bhainistíocht chomhroinnte a aistriú – chun a leasa féin i gcás inar féidir – chuig an gCiste. Ó tharla gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach in iúl go raibh sé ina inní ó thaobh eitice agus praiticiúlachta de, d'aontaigh an Chomhairle gan an clásal sin a chur isteach.

Léirítear le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh an sprioc 30 %, atá sa chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, maidir leis an gcaiteachas aeráide a phríomhshruthú ar fud chláir uile an Aontais. Tá foráil ann freisin maidir leis an ngníomhaíocht bhithéagsúlachta a phríomhshruthú.

21. *Rannpháirtíocht tríú tíortha*: Tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir leis an togra tosaigh ón gCoimisiún Eorpach a bhaineann le 'tíortha comhlachaithe'. I ngeall ar Airteagal 5 de sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, beidh an Ciste oscailte do chomhaltaí de chuid Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gComhaontú LEE.

IV. CONCLÚID

22. Is léiriú iomlán ar an gcomhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir ionadaithe na Comhairle agus na Parlaiminte (arna éascú ag an gCoimisiún) an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta.
23. Iarrtar, más ea, ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:
- an ráiteas seo ar chúiseanna na Comhairle ar a seasamh ar an gcéad léamh a fhormhuiniú, agus
 - an ráiteas seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.
24. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa a seasamh ar an dara léamh a ghlacadh, lena ndéantar formheas gan leasú ar an seasamh ón gComhairle, tiocfaidh an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
-